# Cúrsaí Oibre

*TEG B1: Aonad 4*

## SAN AONAD SEO

**Foghlaimeoidh tú conas:**

- Labhairt faoi phoist agus faoi chúrsaí oibre;
- Eolas a lorg faoin obair a dhéanann daoine eile;
- Daoine eile a thuiscint ag caint faoina gcuid oibre;
- Cur síos a dhéanamh ar do lá oibre;
- Labhairt faoi choinníollacha oibre.

**Díreofar ar na míreanna seo gramadaí:**

- Inscne an ainmfhocail;
- Na briathra ‘Tá’ agus ‘Bí’;
- An aimsir láithreach.



© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# A: STÓR FOCAL

Aimsigh na gairmeacha beatha sa chuardach focal. An féidir leat iad a aistriú? Is féidir an cuardach focal a dhéanamh ar an leathanach seo nó ag www.wordwall.net/resource/58154523 (cód QR thuas).

1. Ailtire
2. Búistéir
3. Comhairleoir
4. Dearthóir
5. Fiaclóir
6. Glantóir
7. Gruagaire
8. Innealtóir
9. Iriseoir
10. Láithreoir
11. Leabharlannaí
12. Léachtóir
13. Polaiteoir
14. Tiománaí
15. Riarthóir

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ő | É | É | G | S | Ű | P | L | É | A | C | H | T | Ó | I | R |
| C | C | Ő | I | R | C | G | L | A | N | T | Ó | I | R | Z | V |
| O | E | Í | M | L | Á | I | T | H | R | E | O | I | R | V | A |
| M | L | E | A | B | H | A | R | L | A | N | N | A | Í | T | T |
| H | Z | W | Ó | N | Z | I | H | Ü | Í | D | Í | Z | N | Á | Y |
| A | F | I | A | C | L | Ó | I | R | Í | P | C | Q | M | Ú | Ű |
| I | L | C | O | O | G | A | M | S | T | Í | K | F | É | Ő | N |
| R | A | D | X | K | Á | Z | S | B | Ú | I | S | T | É | I | R |
| L | T | I | O | M | Á | N | A | Í | E | K | C | I | C | B | Ő |
| E | Ö | U | I | D | Ó | E | H | C | M | É | B | R | É | Ó | Ő |
| O | P | O | L | A | I | T | E | O | I | R | R | G | Ű | É | K |
| I | B | D | Ö | G | R | U | A | G | A | I | R | E | F | Ö | Ú |
| R | S | Ő | R | I | A | R | T | H | Ó | I | R | L | O | C | B |
| F | I | R | I | S | E | O | I | R | A | I | L | T | I | R | E |
| I | N | N | E | A | L | T | Ó | I | R | T | Ú | Ő | E | Ő | U |
| Y | É | J | D | E | A | R | T | H | Ó | I | R | Á | H | W | Ű |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

## Inscne an ainmfhocail

1. Féach ar dheirí na bhfocal (*the endings of the words)* a bhí sa chuardach focal, arís. Tá roinnt deirí atá an-choitianta. Déan liosta gearr anseo de na hainmfhocail ón gcuardach focal a bhfuil na deirí céanna acu, nó deirí atá cosúil lena chéile.

**Déan plé ar na ceisteanna seo leis an duine atá in aice leat:**

2. An bhfuil a fhios agat cad a léiríonn deirí na bhfocal faoin inscne?
3. An bhfuil sé tábhachtach inscne na bhfocal a bheith ar eolas agat le dul chun cinn a dhéanamh sa teanga?

**Cúpla pointe úsáideach faoin inscne!**

- Is iondúil go gcloíonn na hainmfhocail le hinscne an té atá i gceist: an fear, an bhean, an t-uncail, an aintín **(Eisceacht: an cailín)**
- Bíonn an té a dhéanann na gairmeacha beatha firinscneach (den chuid is mó): an garda, an siúinéir, an múinteoir, an t-ailtire.
- Bíonn tíortha, teangacha agus aibhneacha baininscneach den chuid is mó: An Ghaeilge, An Fhrainc, An tSionainn (**Eisceachtaí: Sasana, Ceanada, Meicsiceo, Meiriceá, Béarla)**.

| Firinscneach | Baininscneach |
|---|---|
| an t-aisteoir<br>an t-athair<br>an múinteoir<br>an siúinéir<br>an deartháir | an aintín<br>an iris<br>an mháthair<br>an tsráid<br>an deirfiúr |
| Caith súil ar na patrúin thuas agus ansin cuir an t-alt roimh na focail atá sa liosta thíos. Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan comparáid idir do fhreagraí agus freagraí an duine atá le do thaobh. | |

4.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| a) | ailtire | **an t-**ailtire | n) | iriseoir | |
| b) | búistéir | | o) | láithreoir | |
| c) | cócaire | | p) | leabharlannaí | |
| d) | comhairleoir | | q) | léachtóir | |
| e) | dearthóir | | r) | leictreoir | |
| f) | fear | | s) | máinlia | |
| g) | fiaclóir | | t) | pluiméir | |
| h) | glantóir | | u) | polaiteoir | |
| i) | gruagaire | | v) | tiománaí | |
| j) | innealtóir | | w) | tógálaí | |
| k) | iníon | | x) | bean | |
| l) | mac | | y) | uncail | |
| m) | seanathair | | z) | seanmháthair | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# C: LABHAIRT

**Cén post atá agat?** Siúil timpeall an ranga anois agus labhair le cúigear eile faoin bpost atá acu. Beidh daoine ag cur ceisteanna ortsa freisin faoi do phost féin. Bain úsáid as do chuid samhlaíochta, más fearr leat, agus roghnaigh cibé post is maith leat!

**Mar shampla:**

- Cén post atá agat?/Cén obair a dhéanann tú?/Cén tslí bheatha atá agat?
- **Is ailtire mé**. Cén tslí bheatha atá agat féin?
- **Is múinteoir mise.**

| Ainm an duine | Post an duine | Eolas breise |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |





Anois, bí ag caint leis an duine atá in aice leat faoi do phost féin agus faoin méid a bhíonn ar siúl agat sa phost ó lá go lá.

**Cad a bhíonn ar siúl agat?**

**Bím…**
**Táim/Tá mé…**

ag plé le
ag déileáil le
ag obair le
i gceannas ar
i dteagmháil le
freagrach as
ag deisiú
ag tógáil
ag scríobh chuig

carranna
ríomhairí
an pobal
foireann
comhlacht
polaiteoirí
cliaint
custaiméirí
páistí

**Cúpla ceist ar an bhfeasacht teanga!**

- Cén difríocht atá idir ‘bím’ agus ‘táim’?
- ‘Táim i gceannas ar c**h**omhlacht’. Cén fáth ar athraigh an focal comhlacht?
- ‘Ag plé leis an **b**pobal’ (nó ‘leis an p**h**obal’). Cén fáth ar athraigh an focal pobal?
- Cad iad na hathruithe a leanann leithéidí ‘leis an’, ‘as an’ agus ‘ar an’?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# D: FEASACHT TEANGA

## Na briathra 'Tá' agus 'Bí'

- Úsáidtear **'Tá'** (aimsir láithreach) chun tagairt a dhéanamh do rud éigin atá fíor anois nó go ginearálta.

  **Mar shampla:** 'Tá Seán tríocha bliain d'aois', 'Tá sé ag obair mar bhainisteoir i mbialann.'

- De ghnáth, úsáidtear an briathar seo in éineacht le leithéidí na bhfrásaí seo a leanas: 'anois', 'faoi láthair', 'i láthair na huaire', 'inniu', 'an tseachtain seo'.

- Úsáidtear an briathar **'Bí'** (aimsir ghnáthláithreach) chun tagairt a dhéanamh do rud éigin a tharlaíonn go rialta, ach seans nach bhfuil sé ag tarlú anois díreach.

  **Mar shampla:** 'Bíonn Seán ag obair go dian sa bhialann', 'Bíonn sé ag obair ó mhaidin go hoíche go minic.'

- Is iondúil go n-úsáidtear an briathar seo le leithéidí na bhfrásaí 'go minic', 'go rialta', 'ó am go ham', 'ó am go chéile', 'de ghnáth', 'gach lá', agus araile.

| Aimsir Láithreach | Aimsir Ghnáthláithreach |
|---|---|
| **An bhfuil… ?** | **An mbíonn… ?** |
| Táim/Tá mé; | Bím; |
| Tá tú | Bíonn tú; |
| Tá sé/sí; | Bíonn sé/sí; |
| Táimid/Tá muid; | Bímid/Bíonn muid; |
| Tá sibh; | Bíonn sibh; |
| Tá siad. | Bíonn siad. |
| Nílim/Níl mé; | Ní bhím; |
| Níl tú; | Ní bhíonn tú; |
| Níl sé/sí; | Ní bhíonn sé/sí; |
| Nílimid/Níl muid; | Ní bhímid/Ní bhíonn muid; |
| Níl sibh; | Ní bhíonn sibh; |
| Níl siad. | Ní bhíonn siad |

| Cuir Gaeilge ar na habairtí seo: | |
|---|---|
| a) I am very happy with my job. I'm always happy going in in the morning. | |
| b) Sarah is usually working on a Monday but she's not here today. | |
| c) I don't usually deal with that case. | |
| d) Máire is at home this evening but she's usually working. | |
| e) He's in the restaurant at the moment. He's never at home. | |
| f) Are you usually in Dublin during the week? Yes, but I'm in Galway this week. | |
| g) He's not usually in this centre on Wednesdays. | |
| h) We have a training course in this office every week but the course isn't on this week. | |
| i) I'm in charge of the office but I don't usually deal with customers. | |
| j) Do you ever have to deal with the public in your job? | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# E: LABHAIRT

1. Seo thíos do dhialann oibre. Líon isteach roinnt tascanna éagsúla a dhéanann tú gach lá agus bain úsáid as cuid de na focail nua atá foghlamtha san aonad seo agat. Ná déan dearmad gur féidir leat post a chumadh.

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar maidin | | | | | |
| Am lóin | | | | | |
| Tráthnóna | | | | | |

Sula dtosóidh tú ag caint leis an duine atá in aice leat, féach ar an gcomhrá thíos:

**A:** Cén tslí bheatha atá agat?
**B:** Is bainisteoir i mbanc mé – cén post atá agat féin?
**A:** Is meicneoir mé. Cad a dhéanann tú ó lá go lá?
**B:** Bím ag obair ó Luan go hAoine gach lá óna naoi ar maidin go dtí a sé tráthnóna. Bíonn cruinnithe agam le cliaint ó am go ham. Bíonn cruinniú foirne agam maidin Dé Céadaoin, de ghnáth. Bím ag freagairt ríomhphost an-mhinic.

Anois, labhair leis an duine atá in aice leat agus fiafraigh de/di cad a dhéanann sé/sí gach lá ina c(h)uid oibre.

**2. Cluiche 20 Ceist!**

An cuimhin leat rialacha an chluiche 20 Ceist? Beidh triúr agaibh ag obair le chéile i ngrúpa. Caithfidh tú gairm bheatha a roghnú ach gan é a chur in iúl do na daoine eile atá i do ghrúpa. Ansin, caithfidh siadsan ceisteanna a chur ort agus déanamh amach cén post atá agat. Ná déan dearmad nach bhfuil cead ach freagraí '*Yes*'/'*No*' a thabhairt! Éist go cúramach leis an gceist. Féach na samplaí seo thíos:

- An post lánaimseartha é? **Is ea/Ní hea**
- An post dainséarach é? **Is ea/Ní hea**
- An mbíonn tú ag plé leis an bpobal? **Bím/Ní bhím**
- An mbíonn tú ag obair taobh istigh? **Bím/Ní bhím**
- An gcaitheann tú éide? **Caithim/Ní chaithim**
- An mbíonn tú ag taisteal thar lear? **Bím/Ní bhím**
- An mbíonn tú ag obair ó Luan go hAoine? **Bím/Ní bhím**

Seo sampla den cheist a chuirfidh tú má cheapann tú go bhfuil a fhios agat cén post atá ag an duine:

- **Ceist:** An pluiméir thú? **Freagra:** Is ea/Ní hea

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# F: CLUASTUISCINT

## Coinníollacha oibre

**1.** Bí ag obair leis an duine atá in aice leat chun na focail/frásaí thíos, a bhaineann le coinníollacha oibre, a chur in abairtí a léiríonn a mbrí.

| | |
|---|---|
| a) | conradh: |
| b) | d'éirigh mé as: |
| c) | briseadh as mo phost mé: |
| d) | sealadach: |
| e) | taithí oibre: |
| f) | páirtaimseartha: |
| g) | buan: |
| h) | lánaimseartha: |

**2.** a) Éist le Seán ag déanamh cur síos ar a phost agus breac síos aon eolas a chloiseann tú faoi na téamaí éagsula thíos. Tá an mhír ar fáil anseo: https://www.teg.ie/_fileupload/mp3/teagasc/B1/complete/04.mp3

| Conradh | D'éirigh mé as... | Taithí oibre | Post buan |
|---|---|---|---|
| | | | |

b) Sa chomhrá idir Pól agus Cara, céard a thugann le fios nach bhfuil Pól róshásta sa phost atá aige?

| |
|---|
| |

**3.** Seo thíos samplaí d'fhocail a bhaineann leis an obair agus le coinníollacha oibre. Bí ag obair leis an duine atá in aice leat agus smaoinígí ar fhocail eile a d'fhéadfadh sibh a chur leis an liosta seo. Bain úsáid as www.focloir.ie chun focail nua a aimsiú.

- Ragobair
- Pinsean
- Ardú céime

**4.** Anois, bíodh comhrá agaibh faoi bhur gcuid oibre arís ach labhraígí faoi na coinníollacha oibre, chomh maith. Mar shampla: 'An bhfuil an pá go maith?', 'Conas atá na huaireanta oibre?', 'An bhfuil deiseanna ag baint leis?', agus araile!

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# G: FEASACHT TEANGA

## An aimsir láithreach

- Tá 2 ghrúpa briathra sa Ghaeilge, an chéad réimniú agus an dara réimniú.
  *(Verbs in Irish are divided into 2 groups – 1st conjugation and 2nd conjugation).*

### An Chéad Réimniú (Group 1 Verbs)

- Sa chéad ghrúpa, is fréamh aonsiollach atá i gceist den chuid is mó.
  *(The most common type of verb in this group has a monosyllabic root).*

  **Mar shampla:** 'cuir' (*to put*) agus 'tóg' (*to take*).

- Cuirtear deireadh leis an bhfréamh chun an aimsir láithreach a chumadh.
  *(Endings are added to the root to form the present tense).*

- Bíonn na deirí sin caol nó leathan.
  *(The endings will be slender or broad).*

- An bhfeiceann tú an difear atá idir na deirí leathana agus caola?

| **Cuir** (***to put***) | **Tóg** (***to take***) |
|---|---|
| Cuir**im** | Tóg**aim** |
| Cuir**eann tú** | Tóg**ann tú** |
| Cuir**eann sé/sí** | Tóg**ann sé/sí** |
| Cuir**imid/**Cuir**eann muid** | Tóg**aimid/**Tóg**ann muid** |
| Cuir**eann sibh** | Tóg**ann sibh** |
| Cuir**eann siad** | Tóg**ann siad** |

- Sampla de bhriathra eile atá sa chéad réimniú: 'ól', 'dún', 'éist', 'fág'.

- Tá briathra a chríochnaíonn ar '**-áil'** agus '**-áin'** sa chéad réimniú chomh maith. Cén patrún a fheiceann tú nuair a chuirtear san aimsir láithreach iad?

| **Taispeáin** (***to show***) | **Marcáil** (***to mark***) |
|---|---|
| Taispe**ánaim** | Marc**álaim** |
| Taispe**ánann tú** | Marc**álann tú** |
| Taispe**ánann sé sí** / | Marc**álann sé**/**sí** |
| Taispe**ánaimid/**Taispe**ánann muid** | Marc**álaimid/**Marc**álann muid** |
| Taispe**ánann sibh** | Marc**álann sibh** |
| Taispe**ánann siad** | Marc**álann siad** |

**1. Cuir na deirí cuí leis na briathra thíos chun iad a chur san aimsir láithreach.**

| | |
|---|---|
| a) (Ól: sé) cupán caife gach maidin. | |
| b) (Cuir: Seán) airgead sa bhanc gach mí. | |
| c) (Dún: muid) an oifig gach oíche. | |
| d) (Éist: siad) leis an raidió sa charr gach lá. | |
| e) (Fág: mé) an teach go luath gach maidin. | |
| f) (Seinn: sí) an fheadóg mhór. | |
| g) (Cuir: siad) cárta Nollag chugam gach bliain. | |
| h) (Taispeáin: sé) dom conas é a dhéanamh. | |
| i) (Marcáil: sí) an obair bhaile gach seachtain. | |

### An Dara Réimniú (*Group 2 Verbs*)

- Tá dhá shiolla nó níos mó i mbriathra atá sa dara réimniú. *Verbs in Group 2 have roots of 2 or more syllables and often end in* **'-(a)igh', '-ir', '-il', '-is'.**

  **Mar shampla:** 'ceannaigh' (*to buy*), 'imir' (*to play – games*), 'oscail' (*to open*) agus 'inis' (*to tell*).

- *For verbs ending in* '-(a)igh' (eg. 'ceannaigh', 'éirigh'), *remove* '-(a)igh' *and add the endings below*.

| | |
|---|---|
| Ceann**aím** | Éir**ím** |
| Ceann**aíonn tú** | Éir**íonn tú** |
| Ceann**aíonn sé**/**sí** | Éir**íonn sé**/**sí** |
| Ceann**aímid**/Ceann**aíonn muid** | Éir**ímid/**Éir**íonn muid** |
| Ceann**aíonn sibh** | Éir**íonn sibh** |
| Ceann**aíonn siad** | Éir**íonn siad** |

- *For verbs ending in* '-ir' (imir) *and* '-is' (inis), *remove the last* 'i' *in the root and add the endings below.*

| | |
|---|---|
| Imr**ím** | Ins**ím** |
| Imr**íonn tú** | Ins**íonn tú** |
| Imr**íonn sé/sí** | Ins**íonn sé/sí** |
| Imr**ímid/**Imr**íonn muid** | Ins**ímid/**Ins**íonn muid** |
| Imr**íonn sibh** | Ins**íonn sibh** |
| Imr**íonn siad** | Ins**íonn siad** |

- *For verbs ending in* '-ail' (oscail), *remove the* 'ai' *and add the endings below*.

  Oscl**aím**
  Oscl**aíonn tú**
  Oscl**aíonn sé/sí**
  Oscl**aímid/**Oscl**aíonn muid**
  Oscl**aíonn sibh**
  Oscl**aíonn siad**

- Sampla de bhriathra eile atá sa dara réimniú: 'tosaigh', 'imigh', 'freagair'.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Cuir na deirí cuí leis na briathra thíos chun iad a chur san aimsir láithreach.**

| | |
|---|---|
| a) (Ceannaigh: sé) bronntanas dom gach bliain. | |
| b) (Éirigh: mé) go luath gach maidin. | |
| c) (Imigh: sí) léi go Gaillimh gach lá. | |
| d) (Bailigh: siad) na leanaí ón scoil gach lá. | |
| e) (Imir: muid) cluichí ríomhaire gach oíche. | |
| f) (Tosaigh: sé) ag obair ar a naoi gach maidin. | |
| g) (Freagair: Máire) an guthán, de ghnáth. | |
| h) (Inis: sí) an scéal céanna dom aon uair a bhuailim léi. | |
| i) (Oscail: sé) an siopa ar a hocht gach maidin. | |
| j) (Socraigh: Síle) cruinnithe an choiste áitiúil gach mí. | |

**Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach:**

- Nuair a chuireann tú ceist san aimsir láithreach, úsáideann tú **'an' + urú** (ar chonsan):

  An **g**cuireann tú glaoch ar Mháire gach seachtain?
  An **n**dúnann siad an oifig ag am lóin?
  An **bh**fágann tú an oifig ag a cúig a chlog?

- Chun freagra dearfach a thabhairt ar cheist san aimsir láithreach, bain úsáid as an mbriathar céanna arís:

  An gcuireann tú glaoch ar Mháire gach Luan? **Cuirim.**

- Chun freagra diúltach a thabhairt ar cheist, cuir **ní** roimh an mbriathar agus cuir **séimhiú** air:

  An ndúnann tú an oifig ag am lóin? Ní **dh**únaim.
  An gcuireann tú aithne ar do chomhghleacaithe? Ní **ch**uirim.

- Ní thagann aon athrú ar an bhfoirm cheisteach nuair a thosaíonn an briathar le guta:

  An ólann tú caife ag a haon déag gach lá?
  An itheann tú do lón ag a haon a chlog gach lá?

- Ní thagann aon athrú ar an bhfoirm dhiúltach nuair a thosaíonn an briathar le guta:

  An ólann tú caife? Ólaim/Ní ólaim.
  An itheann tú feoil? Ithim/Ní ithim.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**3. Scríobh na ceisteanna thíos gan lúibíní agus tabhair freagraí dearfacha agus diúltacha orthu.**

| | |
|---|---|
| a) (An: ceannaigh: sibh) ballraíocht gach bliain? | |
| b) (An: imir: sé) ar fhoireann rugbaí na hÉireann? | |
| c) (An: bailigh: siad) airgead gach bliain? | |
| d) (An: freagair: sé) do chuid téacsanna? | |
| e) (An: éirigh: sí) ag a hocht gach maidin? | |
| f) (An: buail: tú) leis go minic? | |
| g) (An: léigh: tú) leabhair go minic? | |
| h) (An: sábháil: tú) airgead gach mí? | |
| i) (An: féach: tú) ar an teilifís gach oíche? | |
| j) (An: éist: tú) leis an raidió gach maidin? | |



## Na briathra neamhrialta san aimsir láithreach

| Briathar | 1-3ú pearsa uatha | 1-3ú pearsa iolra | Ceisteach | Diúltach |
|---|---|---|---|---|
| **Abair** | Deirim<br>Deir tú<br>Deir sé/sí | Deirimid/Deir muid<br>Deir sibh<br>Deir siad | An ndeir? | Ní deir |
| **Beir** | Beirim<br>Beireann tú<br>Beireann sé/sí | Beirimid/Beireann muid<br>Beireann sibh<br>Beireann siad | An mbeireann? | Ní bheireann |
| **Bí** | Bím<br>Bíonn tú<br>Bíonn sé/sí | Bímid/Bíonn muid<br>Bíonn sibh<br>Bíonn siad | An mbíonn? | Ní bhíonn |
| **Clois** | Cloisim<br>Cloiseann tú<br>Cloiseann sé/sí | Cloisimid/Cloiseann muid<br>Cloiseann sibh<br>Cloiseann siad | An gcloiseann? | Ní chloiseann |
| **Déan** | Déanaim<br>Déanann tú<br>Déanann sé/sí | Déanaimid/Déanann muid<br>Déanann sibh<br>Déanann siad | An ndéanann? | Ní dhéanann |
| **Faigh** | Faighim<br>Faigheann tú<br>Faigheann sé/sí | Faighimid/Faigheann muid<br>Faigheann sibh<br>Faigheann siad | An bhfaigheann? | Ní fhaigheann |
| **Feic** | Feicim<br>Feiceann tú<br>Feiceann sé/sí | Feicimid/Feiceann muid<br>Feiceann sibh<br>Feiceann siad | An bhfeiceann? | Ní fheiceann |
| **Ith** | Ithim<br>Itheann tú<br>Itheann sé/sí | Ithimid/Itheann muid<br>Itheann sibh<br>Itheann siad | An itheann? | Ní itheann |
| **Tabhair** | Tugaim<br>Tugann tú<br>Tugann sé/sí | Tugaimid/Tugann muid<br>Tugann sibh<br>Tugann siad | An dtugann? | Ní thugann |
| **Tar** | Tagaim<br>Tagann tú<br>Tagann sé/sí | Tagaimid/Tagann muid<br>Tagann sibh<br>Tagann siad | An dtagann? | Ní thagann |
| **Téigh** | Téim<br>Téann tú<br>Téann sé/sí | Téimid/Téann muid<br>Téann sibh<br>Téann siad | An dtéann? | Ní théann |

**4.** Úsáid na briathra neamhrialta thuas agus scríobh amach roinnt ceisteanna a chuirfeá agus roinnt freagraí a thabharfá i gcomhthéacsanna éagsúla (sa bhaile, san obair, le do chairde…)

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |
| 5. |
| 6. |
| 7. |
| 8. |
| 9. |
| 10. |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# H: LABHAIRT

**Ag caint faoi do phost – obair bheirte**
Cuirigí na ceisteanna atá i gCuid A ar a chéile agus freagraígí iad sula ndéanfaidh sibh na ceisteanna atá i gCuid B.

**Cuid 1**

a) Cén post atá agat? Cá bhfuil tú ag obair?
b) Cén t-am a thosaíonn tú ag obair ar maidin?
c) Conas a théann tú go dtí an obair? An gcuireann an trácht isteach ort?
d) Cén t-am a chríochnaíonn tú de ghnáth?
e) An ndéanann tú uaireanta oibre rialta?
f) An mbíonn ort ragobair a dhéanamh?
g) An mbíonn tú ag obair le daoine eile nó i d'aonar?
h) Cad é an chéad rud a dhéanann tú nuair a théann tú isteach ag obair?

**Cuid 2**

a) Inis dom faoi do ghnáthlá oibre.
b) An mbíonn tú ag obair ar ríomhaire? Cad a dhéanann tú air?
c) An mbíonn tú ag obair ón mbaile?
d) An mbíonn ort a bheith ag taisteal mar chuid de do phost?
e) An úsáideann tú an Ghaeilge sa suíomh oibre?
f) An dtógann tú laethanta saoire go minic?
g) Cad a dhéanann tú chun do scíth a ligean tar éis an lae oibre?
h) An bhfuil tú sásta le do phost?

**Cuid 3**

Anois, scríobh tuairisc ghearr (200 focal) faoi shaol oibre an duine a raibh tú ag caint leis/léi.

**Tasc breise**:
Scríobh tuairisc ar do phost féin agus ar do shaol oibre, bunaithe ar na ceisteanna thuas. (200 focal)

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# I: LABHAIRT

**Obair Bheirte**

- Tá roinnt post á léiriú sna pictiúir thíos.
- Beidh oraibh cur síos a dhéanamh ar an méid a bhíonn ar siúl go laethúil ag an té atá sa phictiúr a roghnófar duit.
- Roghnaíodh duine agaibh pictiúr le tabhairt don duine eile.
- Ansin, roghnaíodh an dara duine pictiúr le tabhairt don chéad duine agus leanaigí oraibh mar sin go dtí go mbeidh gach pictiúr déanta agaibh.

**Mar shampla:**

Is garda mé. Ní post óna 9-5 atá ann agus bíonn uaireanta éagsúla á ndéanamh agam ó sheachtain go seachtain. Táim lonnaithe i stáisiún mór i lár na cathrach agus bíonn sé an-ghnóthach. Bím ag an deasc ag plé leis an bpobal go minic agus bíonn orm dul amach ar na sráideanna uaireanta. Ní thaitníonn sé sin liom, go háirithe ag an deireadh seachtaine nuair a bhíonn na sluaite amuigh agus iad go léir ag teacht amach as na tithe tabhairne ag an am céanna!

| | |
|---|---|
|  |  |
|  |  |
|  |  |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# J: LÉAMHTHUISCINT

**Léigh na píosaí seo os ard in éineacht leis an duine atá in aice leat. Fad is a bheidh sibh ag léamh, cuirigí line faoi na focail agus faoi na frásaí nua nach bhfaca sibh cheana.**

### Riarthóir sealadach

Agus mé ag obair mar riarthóir **sealadach**, an chéad rud a dhéanaim nuair a théim go dtí jab nua ná fáil amach cén fáth a bhfuil an duine a bhíonn sa phost de ghnáth **as láthair**. Ar an dóigh sin, thig leat fáil amach an bhfuil an jab go maith nó nach bhfuil.

Mar shampla, má tá an duine **ar shaoire mháithreachais** nó **saoire bhliantúil,** seans maith go mbeidh tú sásta go leor. Ach má d'imigh an duine go tobann an lá roimhe sin, agus é nó í ag screadach nó ag caoineadh, agus má tá an deasc lán píosaí beaga craptha páipéir, seans maith go mbeidh fadhbanna móra **romhat.**

Sa chéad jab sealadach a fuair mé i mBéal Feirste, d'oibrigh mé mar fháilteoir in oifig phoiblí san **earnáil phríobháideach**. Fuair mé amach go gasta go raibh an fáilteoir a bhíodh ann de ghnáth ar shaoire tinnis mar go raibh strus mór uirthi. Nuair a chuala mé sin, thit mo chroí isteach i mo bhróga. Gan amhras, bheadh fadhbanna ann.

### Múinteoir meánscoile

Is múinteoir mé i meánscoil i mBaile Átha Cliath. Táim ag obair **sa scoil chéanna** anois le trí bliana ach roimhe sin bhí mé ag dul thart ar feadh cúig bliana nó mar sin ag obair mar **ionadaí** i scoileanna éagsúla. Is iad corpoideachas agus stair na hábhair tá agam. Táim an-sásta sa scoil ina bhfuilim **faoi láthair**. Is scoil mheasctha í agus is daoine deasa iad na daltaí agus mo chuid comhghleacaithe, **ar an iomlán.**

Ceapann daoine gur post an-éasca é post an mhúinteora ach **deirim leat nach ea!** Tosaíonn mo lá oibre ag 8.30am agus bíonn ranganna agam an lá ar fad go dtí 3 san iarnóin. Is minic a bhíonn orm foirne spóirt a thraenáil ag am lóin chomh maith! Toisc go mbím ag múineadh an t-am ar fad, ní bhíonn soicind agam i rith an lae chun scrúduithe a réiteach, obair a bhaile a cheartú, turais agus imeachtaí a eagrú, ná rudaí a phlé le mo chomhghleacaithe agus mar sin de. Déanaim na rudaí sin ar fad sa bhaile um thráthnóna.

Chomh maith leis sin, bíonn an-bhrú ar mhúinteoirí anois, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí, gráid arda a bhaint amach i scrúdú na hArdteiste agus **mothaím an brú** sin gach bliain! Bíonn **faoiseamh** ag baint leis an samhradh gan dabht! Sin ráite, **le hairgead breise a shaothrú**, oibrím mar cheartaitheoir ar na scrúduithe stáit i rith an tsamhraidh. Tógaim an chuid eile den samhradh saor gach bliain agus ligim mo scíth. **Caithfidh mé an fuinneamh a bheith agam** le bheith réidh do mhí Mheán Fómhair arís!

An dtuigeann tú na focail agus na frásaí a bhfuil cló trom orthu? Mura bhfuil tú cinnte, téigh go dtí www.focloir.ie

Cén post is mó a thaitneodh leat féin agus cén fáth?

# K: FEASACHT TEANGA

### An aimsir láithreach agus an chopail

Cuir tic in aice leis an bhfreagra ceart ar gach ceist thíos.

| 1. | |
|---|---|
| a) An bhfuil Tom ag tiomáint abhaile anocht? | Tá |
| | Is ea |
| | Bíonn |
| | |
| b) An mac léinn thú? | Tá |
| | Is ea |
| | Bíonn |
| | |
| c) An as an Spáinn (í) Maria? | Tá |
| | Is ea |
| | Bíonn |

| 2. | |
|---|---|
| **a)** An mbíonn an aimsir go maith in Éirinn? | Ní hea |
| | Níl |
| | Ní bhíonn |
| | |
| **b)** An bhfuil tú ag dul siar abhaile ag an deireadh seachtaine? | Níl |
| | Ní bhíonn |
| | Ní hea |

| 3. | |
|---|---|
| a) An bhfuil an aimsir go maith an samhradh seo? | Tá |
| | Is ea |
| | Bíonn |
| | |
| b) An duine deas í do bhainisteoir? | Ní hea |
| | Ní bhíonn |
| | Níl |
| | |
| c) An mbíonn tú faoi bhrú go minic san obair? | Tá |
| | Bíonn |
| | Níl |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

**2: Líon isteach na heochairfhocail ón aonad seo:**

| | Gaeilge | Béarla | | Gaeilge | Béarla |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | | | 16. | | |
| 2. | | | 17. | | |
| 3. | | | 18. | | |
| 4. | | | 19. | | |
| 5. | | | 20. | | |
| 6. | | | 21. | | |
| 7. | | | 22. | | |
| 8. | | | 23. | | |
| 9. | | | 24. | | |
| 10. | | | 25. | | |
| 11. | | | 26. | | |
| 12. | | | 27. | | |
| 13. | | | 28. | | |
| 14. | | | 29. | | |
| 15. | | | 30. | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

a)

Is innealtóir mé agus tá mé ag obair le comhlacht mór tógála le cúpla seachtain anois. Tá conradh trí bliana agam agus tá mé an-sásta faoi sin. Bhí mé ag obair le comhlacht eile ach d'éirigh mé as dhá mhí ó shin mar nach raibh mé sásta leis na coinníollacha oibre. Ba é an chéad phost a bhí agam ó d'fhág mé an coláiste agus rinne mé mo thaithí oibre ansin chomh maith. Post buan an post atá agam anois agus is fearr i bhfad é sin dom. De bhrí gur bainisteoir mé anois sa chomhlacht nua seo bím ag plé leis an bhfoireann i gcónaí agus is dúshlán é sin.

b)

Cara: Hi a Phóil, cad é mar atá tú?
Pól: Tá mé go breá go raibh maith agat, agus tú féin?
Cara: Á, tá mé go breá. Tá tusa sa Fhrainc go fóill, nach bhfuil? Ag obair mar iriseoir don nuachtán *Liberation*?
Pól: Tá, tá cinnte, tá mé i Nantes go fóill!
Cara: An bhfuil tú chun fanacht sa phost sin?
Pól: Ní cheapfainn é. Chonaic mé cúpla fógra spéisiúil do phost eile mar iriseoir le gairid. Sílim gur mhaith liom [a bheith ag] obair do pháipéar eile.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: STÓR FOCAL

1. Ailtire
2. Búistéir
3. Comhairleoir
4. Dearthóir
5. Fiaclóir
6. Glantóir
7. Gruagaire
8. Innealtóir
9. Iriseoir
10. Láithreoir
11. Leabharlannaí
12. Léachtóir
13. Polaiteoir
14. Tiománaí
15. Riarthóir

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ő | É | É | G | S | Ű | P | L | É | A | C | H | T | Ó | I | R |
| C | C | Ő | I | R | C | G | L | A | N | T | Ó | I | R | Z | V |
| O | E | Í | M | L | Á | I | T | H | R | E | O | I | R | V | A |
| M | L | E | A | B | H | A | R | L | A | N | N | A | Í | T | T |
| H | Z | W | Ó | N | Z | I | H | Ü | Í | D | Í | Z | N | Á | Y |
| A | F | I | A | C | L | Ó | I | R | Í | P | C | Q | M | Ú | Ű |
| I | L | C | O | O | G | A | M | S | T | Í | K | F | É | Ő | N |
| R | A | D | X | K | Á | Z | S | B | Ú | I | S | T | É | I | R |
| L | T | I | O | M | Á | N | A | Í | E | K | C | I | C | B | Ő |
| E | Ö | U | I | D | Ó | E | H | C | M | É | B | R | É | Ó | Ő |
| O | P | O | L | A | I | T | E | O | I | R | R | G | Ű | É | K |
| I | B | D | Ö | G | R | U | A | G | A | I | R | E | F | Ö | Ú |
| R | S | Ő | R | I | A | R | T | H | Ó | I | R | L | O | C | B |
| F | I | R | I | S | E | O | I | R | A | I | L | T | I | R | E |
| I | N | N | E | A | L | T | Ó | I | R | T | Ú | Ő | E | Ő | U |
| Y | É | J | D | E | A | R | T | H | Ó | I | R | Á | H | W | Ű |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| a) | ailtire | **an t-ailtire** | n) | iriseoir | **an t-iriseoir** |
| b) | búistéir | **an búistéir** | o) | láithreoir | **an láithreoir** |
| c) | cócaire | **an cócaire** | p) | leabharlannaí | **an leabharlannaí** |
| d) | comhairleoir | **an comhairleoir** | q) | léachtóir | **an léachtóir** |
| e) | dearthóir | **an dearthóir** | r) | leictreoir | **an leictreoir** |
| f) | fear | **an fear** | s) | máinlia | **an máinlia** |
| g) | fiaclóir | **an fiaclóir** | t) | pluiméir | **an pluiméir** |
| h) | glantóir | **an glantóir** | u) | polaiteoir | **an polaiteoir** |
| i) | gruagaire | **an gruagaire** | v) | tiománaí | **an tiománaí** |
| j) | innealtóir | **an t-innealtóir** | w) | tógálaí | **an tógálaí** |
| k) | iníon | **an iníon** | x) | bean | **an bhean** |
| l) | mac | **an mac** | y) | uncail | **an t-uncail** |
| m) | seanathair | **an seanathair** | z) | seanmháthair | **an tseanmháthair** |

# D. FEASACHT TEANGA

| Cuir Gaeilge ar na habairtí seo. | |
|---|---|
| a. I am very happy with my job. I'm always happy going in in the morning. | Táim an-sásta le mo phost. Bím an-sásta i gcónaí agus mé ag dul isteach ar maidin. |
| b. Sarah is usually working on a Monday but she's not here today. | Bíonn Sarah ag obair ar an Luan, de ghnáth, ach níl sí anseo inniu. |
| c. I don't usually deal with that case. | Ní bhím ag déileáil leis an gcás sin, de ghnáth. |
| d. Máire is at home this evening but she's always working. | Tá Máire sa bhaile tráthnóna inniu ach bíonn sí ag obair gcónaí / de shíor. |
| e. He's in the restaurant at the moment. He's never at home. | Tá sé sa bhialann faoi láthair. Ní bhíonn sé sa bhaile riamh. |
| f. Are you usually in Dublin during the week? Yes, but I'm in Galway this week. | An mbíonn tú i mBaile Átha Cliath i rith na seachtaine, de ghnáth? Bím, ach is i nGaillimh atá mé an tseachtain seo. |
| g. He's not usually in this centre on Wednesdays. | Ní bhíonn sé san ionad seo ar an gCéadaoin, de ghnáth. |
| h. We have a training course in this office every week but the course isn't on this week. | Bíonn cúrsa traenála againn san oifig seo gach seachtain ach níl an cúrsa ar siúl an tseachtain seo. |
| i. I'm in charge of the office but I don't usually deal with customers. | Táim i gceannas ar an oifig ach ní bhím ag déileáil le custaiméirí, de ghnáth. |
| j. Do you usually have to deal with the public in your job? | An mbíonn tú ag déileáil leis an bpobal, de ghnáth, i do phost? |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# F. CLUASTUISCINT

**2. (a)**

| Conradh | D'éirigh sé as... | Taithí oibre | Post buan |
|---|---|---|---|
| Conradh trí bliana atá aige | dhá mhí ó shin mar nach raibh sé sásta leis na coinníollacha oibre | Rinne sé taithí oibre sa chomhlacht sin freisin | Tá post buan aige anois agus is fearr i bhfad leis é sin |

**(b)** Bhí sé ag féachaint ar fhógraí do phostanna eile mar iriseoir. Ba mhaith leis obair do nuachtán eile.

# G. FEASACHT TEANGA

**1.**

a) Ólann
b) Cuireann Seán
c) Dúnaimid/Dúnann muid
d) Éisteann siad
e) Fágaim
f) Seinneann sí
g) Cuireann siad
h) Taispeánann sé
i) Marcálann sí

**2.**

a) Ceannaíonn sé
b) Éirím
c) Imíonn sí
d) Bailíonn siad
e) Imrímid
f) Tosaíonn sé
g) Freagraíonn Máire
h) Insíonn sí
i) Osclaíonn sé
j) Socraíonn Síle

**3.**

a) An gceannaíonn sibh? Ceannaíonn muid / Ní cheannaíonn muid **nó** Ceannaímid / Ní cheannaímid
b) An imríonn sé? Imríonn sé / Ní imríonn sé
c) An mbailíonn siad? Bailíonn siad / Ní bhailíonn siad
d) An bhfreagraíonn sé? Freagraíonn sé / Ní fhreagraíonn sé
e) An éiríonn sé? Éiríonn sé / Ní éiríonn sé
f) An mbuaileann tú? Buailim / Ní bhuailim
g) An léann tú? Léim / Ní léim
h) An sábhálann tú? Sábhálaim / Ní shábhálaim
i) An bhféachann tú? Féachaim / Ní fhéachaim
j) An éisteann tú? Éistim / Ní éistim

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## K. FEASACHT TEANGA

| 1. | |
|---|---|
| a) An bhfuil Tom ag tiomáint abhaile anocht? | Tá |
| b) An mac léinn thú? | Is ea |
| c) An as an Spáinn (í) Maria? | Is ea |

| 2. | |
|---|---|
| a) An mbíonn an aimsir go maith in Éirinn? | Ní bhíonn |
| b) An bhfuil tú ag dul siar abhaile ag an deireadh seachtaine? | Níl |

| 3. | |
|---|---|
| a) An bhfuil an aimsir go maith an samhradh seo? | Tá |
| b) An duine deas í do bhainisteoir? | Ní hea |
| c) An mbíonn tú faoi bhrú go minic san obair? | Bíonn |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad